2019. S28T 2019J005A1IL

**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019**

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE 7 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 11:30**


| Greille Mharcála an Fhillteáin (Don scrúdaitheoir amháin) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceisteanna | | Marc | Scrúdaitheoir | Scrúdaitheoir Comhairleach |
| | @ | 3 | | |
| | @ | 2 | | |
| | @ | 1 | | |
| | @ | 0 | | |
| Marc Iomlán | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfear marcanna.

## 1. TIMTHRIALL AN UISCE




Curtha in oiriúint ó www.printablediagram.com

Scrúdaigh an léaráid thuas de thimthriall an uisce.
Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** leis an gcéim i dtimthriall an uisce is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Céim i dTimthriall an Uisce | Litir |
|---|---|
| Comhdhlúthú | |
| Frasaíocht | |
| Galú | |

## 2. GAOTHA

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Is **gaotha teo** / **gaotha fuara** iad na gaotha a shéideann ón meánchiorcal i dtreo na bpol.

(ii) Taispeántar gaotha níos láidre trí iseabair atá **gar dá chéile** / **i bhfad óna chéile**.


(iii) Is í an ghaoth **anoir aduaidh** / **aniar aneas** an ghnáthghaoth in Éirinn.

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA PRÍOMHÚLA

Cuir ciorcal thart ar na **trí** fhreagra chearta chun a chur in iúl cé acu de na hoibrithe liostaithe sa tábla thíos atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla.

| | | |
|---|---|---|
| Grúdaire | Gruagaire | Múinteoir |
| Feirmeoir | Oibrí foraoise | Báicéir |
| Fiaclóir | Mianadóir | Meicneoir |

## 4. FEACHTAÍ AIGÉIN



Curtha in oiriúint ó www.serc.carleton.edu

Scrúdaigh an léarscáil thuas agus cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Tugtar **Feacht Labrador** / **Feacht na gCanárach** ar an bhfeacht atá lipéadaithe **A**.

(ii) Tugtar **an Feacht Meánchriosach Thuaidh** / **Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh** ar an bhfeacht atá lipéadaithe **B**.

(iii) Is feacht aigéin **te** / **fuar** é an feacht atá lipéadaithe **A**.

## 5. TIONCHAR GHNÍOMHAÍOCHT AN DUINE

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Tugtar **foraoisiú** / **dífhoraoisiú** ar ghlanleagan na bhforaoisí.

(ii) **Méadaíonn** / **laghdaíonn** glanleagan na bhforaoisí méid an chreimthe ithreach a d'fhéadfadh tarlú.

(iii) **Méadaíonn** / **laghdaíonn** méid na dé-ocsaide carbóin san atmaisféar de dheasca ghlanleagan crann as limistéir mhóra.

## 6. LONNAÍOCHT STAIRIÚIL



Curtha in oiriúint ó www.tripadvisor.ie



Curtha in oiriúint ó www.reddit.com




Curtha in oiriúint ó www.irishantiquities.com

Sna fótagraif **A**, **B** agus **C** thuas taispeántar samplaí de lonnaíochtaí stairiúla. Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C** leis an ré stairiúil is mó a luaitear leis as na tréimhsí atá sa tábla thíos.

| **Tréimhse na Lonnaíochta Stairiúla** | **Litir** |
|---|---|
| Ré na Luath-Chríostaíochta | |
| Ré na Normannach | |
| Ré na gCeilteach | |

## 7. STAITISTICÍ FOSTAÍOCHTA AGUS CÚRSAÍ FORBARTHA

An Céatadán Oibrithe atá fostaithe i nGníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil, Thánaisteach agus Threasach




Scrúdaigh na píchairteacha thuas agus freagair an cheist seo a leanas.

Cuir in iúl cé acu **trí cinn** de na ráitis seo a leanas atá fíor agus tic (✓) á chur sa bhosca ceart.

1. Is í an Bhrasaíl an tír is lú forbairt de na trí thír.
2. Is i Neipeal atá an céatadán oibrithe is ísle atá fostaithe i ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach.
3. Tá beagán os cionn leath de lucht saothair na Brasaíle fostaithe i ngníomhaíocht gheilleagrach threasach.
4. Is í Neipeal an tír is mó forbairt de na trí thír.
5. Is i SAM atá an céatadán oibrithe is ísle atá fostaithe i ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil.

1, 2, 3 ☐

1, 4, 5 ☐

2, 3, 5 ☐

2, 4, 5 ☐

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

**8A. TIONSCAL DÉANTÚSAÍOCHTA**

Uaireanta fanann tionscal sa suíomh inar bunaíodh is dtosach é cé go bhfuil na cúiseanna ar bunaíodh sa suíomh sin é imithe ar neamhní. Is é a thugtar air seo ná:

Meath tionsclaíoch ☐

Táimhe thionsclaíoch ☐

Athshuíomh tionsclaíoch ☐

Réabhlóid thionsclaíoch ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**8B. TOSCA A IMRÍONN TIONCHAR AR AERÁID**

Ceann amháin de na tosca a mbíonn tionchar acu ar theocht áite ar dhromchla an Domhain ná a suíomh i gcoibhneas leis an Meánchiorcal.

Cé acu de na téarmaí thíos a thugtar ar an bhfad seo ó thuaidh nó ó dheas den Mheánchiorcal?

Airde ☐

Domhanleithead ☐

Treoíocht ☐

Rilíf ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

**9A. AIBHNEACHA**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Scríobchaitheamh |
| B | Gníomhú Hiodrálach |
| C | Tuaslagadh |
| D | Cnaí |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Ceimiceáin in uisce a bhriseann síos carraigeacha. |
| 2 | Clocha ag bualadh i gcoinne a chéile agus iad á n-iompar ag an abhainn. |
| 3 | Ualach abhann ag bualadh i gcoinne ghrinneall na habhann agus i gcoinne na mbruach. |
| 4 | Fórsa uisce atá ag gluaiseacht. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | **4** |
| C | |
| D | |

**NÓ**

**9B. IMIRCE**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colun X** | |
|---|---|
| A | Iarrthóir Tearmainn |
| B | Imirceach Inmheánach |
| C | Inimirceach |
| D | Eisimirceach |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Duine a théann ar imirce go tír. |
| 2 | Inimirceach a lorgaíonn cead go nglacfaí leis mar dhídeanaí. |
| 3 | Duine a théann ar imirce as tír. |
| 4 | Duine a bhogann ó áit amháin go háit eile taobh istigh den tír chéanna. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | **2** |
| B | |
| C | |
| D | |

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

## 10A. TALAMHÚSÁID AGUS LUACHANNA TALÚN

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Bíonn an Lárcheantar Gnó suite i mbruachbhailte cathrach.

**Fíor / Bréagach**

(ii) Méadaíonn luachanna talún de réir mar a bhogtar i dtreo lár na cathrach.

**Fíor / Bréagach**

(iii) Tagann laghdú ar dhlús agus airde foirgneamh de réir mar a bhogtar ó lár na cathrach.

**Fíor / Bréagach**

**NÓ**

## 10B. BÁISTEACH AIGÉADACH



Curtha in oiriúint ó www.nationalgeographic.com

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Tá an dé-ocsaíd sulfair ar cheann de na cúiseanna atá le báisteach aigéadach. **Fíor / Bréagach**

(ii) Ní bhíonn éifeacht ag an mbáisteach aigéadach ach amháin sa réigiún ina dtáirgtear í. **Fíor / Bréagach**

(iii) Réiteach amháin ar an mbáisteach aigéadach ná foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite a úsáid. **Fíor / Bréagach**

**11. PORTAIGH NA hÉIREANN**

Críochnaigh gach ceann de na habairtí seo a leanas agus an téarma ceart as an tábla thíos á úsáid agat.

| | | |
|---|---|---|
| Portaigh Ardaithe | Díogaire | Grádóir |
| Muilleoir | Bratphortaigh | |

(i) Is é an cineál portaigh is mó a fhaightear i lár na tíre ná ___________________________.

(ii) Tugtar _______________________________ ar an meaisín a úsáidtear chun an portach a dhraenáil.

(iii) Úsáidtear ______________________________ chun an mhóin a scríobadh de dhromchla an phortaigh.

**12. FEIRMEOIREACHT**

Cé acu **ceann** de na liostaí seo a leanas nach bhfuil ann ach samplaí de phróisis a tharlaíonn ar fheirm?

Crú, sciodar, tarracóir. ☐

Baint an fhómhair, treabhadh, síolchur. ☐

Talamh, beathú ainmhithe, eorna. ☐

Cruithneacht, saothar, aoileach ainmhithe. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 13. LONNAÍOCHT




Curtha in oiriúint ó commons.wikimedia.org




Curtha in oiriúint ó www.property.ie




Curtha in oiriúint ó www.irishtimes.com

Scrúdaigh na grianghraif thuas.
Sa spás a thugtar, ainmnigh gach cineál tithíochta **A**, **B** agus **C** a thaispeántar thuas.

**A.** ____________________________________

**B.** ____________________________________

**C.** ____________________________________

## 14. CARRAIGEACHA

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Is samplaí de **bhruth-charraigeacha** / **carraigeacha meiteamorfacha** iad basalt agus eibhear.

(ii) Foirmítear carraig bhasailt nuair a fhuaraíonn laibhe **go mear** / **go mall**.

(iii) Bíonn criostail **bheaga** / **mhóra** i gcarraig eibhir.

## 15. ABHAINN NA RÉINE


Cuir in iúl cé acu **ceann** de na ráitis seo a leanas atá ceart agus tic á chur sa bhosca ceart.

Éiríonn Abhainn na Réine san Eilvéis agus buaileann sí leis an bhfarraige san Ísiltír. ☐

Éiríonn Abhainn na Réine san Eilvéis agus buaileann sí leis an bhfarraige sa Fhrainc. ☐

Éiríonn Abhainn na Réine sa Ghearmáin agus buaileann sí leis an bhfarraige san Ísiltír. ☐

**16. FÁNA**




Curtha in oiriúint ó www.easymapwork.blogspot.com

Is é atá i bhfána **A** – **B** ná:

Fána chuasach ☐

Fána dhronnach ☐

Fána chéimnithe ☐

Fána réidh chothrom ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**17. DAONRA**

Staitisticí Daonra

| | **Ráta Breithe** (in aghaidh gach míle duine) | **Ráta Báis** (in aghaidh gach míle duine) | **Athrú Nádúrtha** (in aghaidh gach míle duine) |
|---|---|---|---|
| **Tír A** | 8.6 | 11.7 | -3.1 |
| **Tír B** | 36.6 | 10.4 | **X** |
| **Tír C** | 14.1 | 6.6 | 7.5 |

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann rátaí breithe, rátaí báis agus athrú nádúrtha ar an daonra i dtíortha **A**, **B** agus **C**. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é an ráta breithe (in aghaidh gach míle duine) i dTír **A**? ______________________

(ii) Cén tír ina bhfuil an ráta báis is ísle? ______________________

(iii) Ríomh **X**, an t-athrú nádúrtha ar an daonra (in aghaidh gach míle duine) i dTír **B**.

___________________

**18.** **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | S 155 713 |
| B | S 071 725 |
| C | S 120 707 |
| D | S 057 706 |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Crosbhóthar |
| 2 | Stáisiún traenach |
| 3 | Spota airde |
| 4 | Lios |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | **4** |
| C | |
| D | |

**19.** **AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) An phríomh-thalamhúsáid sa chúlra ar chlé ná úsáid **tráchtála** / **chónaitheach.**

(ii) Tá carrchlós **sa lár** / **sa tulra ar chlé.**

(iii) Sa chúlra ar dheis san fhótagraf tá **séipéal** / **raon reatha**.

**20.** **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Cad é an t-achar sa limistéar lastoir d'Oirlíne 14?

9 $km^2$ ☐

18 $km^2$ ☐

24 $km^2$ ☐

27 $km^2$ ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

2019. S28T 2019J005A2IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

**DÉ hAOINE 7 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 11:30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

## ROINN 2 (90 marc)

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá gach ceist ar cómharc.

**Ceist 1.** **DROMCHLA AN DOMHAIN**

**1A.** **Teicteonaic Phlátaí**

(i) Cuir in iúl cé acu a dhéantar gach ceann de na gnéithe a leanas a fhoirmiú de thoradh plátaí ag imbhualadh lena chéile nó plátaí ag scaradh óna chéile:

(a) Droim Lár-Aigéin
(b) Bolcán
(c) Fillsliabh

(ii) Mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a foirmíodh ceann **amháin** de na gnéithe atá liostaithe i bpáirt (i) thuas.

(12)

**1B.** **Aibhneacha**

Ainmnigh gné **amháin** a fhoirmítear de bharr sil-leagan abhann agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a fhoirmítear í.

(10)

**1C.** **Aibhneacha agus Gníomhaíocht an Duine**


(i) Mínigh bealach **amháin** a bhféadfadh daoine úsáid eacnamaíoch a bhaint as aibhneacha.

(ii) Mínigh bealach **amháin** a dtruaillíonn daoine aibhneacha.

(8)

## Ceist 2. AERÁID AGUS AIMSIR

### 2A. Ionstraimí Aimsire




Curtha in oiriúint ó: www.google.com; metcheck.co.uk; indiamart.com

(i) Ainmnigh gach ceann de na hionstraimí aimsire atá lipéadaithe **A**, **B**, **C** agus **D** thuas.

(ii) Roghnaigh **dhá cheann** ar bith de na hionstraimí a thaispeántar thuas agus déan cur síos ar conas a úsáidtear iad chun an aimsir a thaifeadadh.

(10)

### 2B. Fliuchras

Déan cur síos, le cabhair léaráid lipéadaithe, ar conas a tharlaíonn **fliuchras fronta**.

(8)

### 2C. Cineál Aeráide

(i) Ainmnigh cineál **amháin** aeráide a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar shaintréithe teochta **agus** frasaíochta na haeráide a d'ainmnigh tú i bpáirt (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar bhealach **amháin** ar oiriúnaíodh an fásra nádúrtha don aeráid seo.

(12)

**Ceist 3.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

**3A. Dlús Daonra**


(i) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma *dlús daonra*.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air agus a bhfuil dlús daonra íseal ann.

(iii) Mínigh **dhá** iarmhairt a bhíonn ag dlús daonra íseal ar réigiún.

(10)

**3B. Fairsingiú Fásaigh**



Curtha in oiriúint ó www.wikipedia.org

(i) Ainmnigh an limistéar ar a bhfuil dath oráiste agus atá marcáilte **A** go **B** ar an léarscáil thuas.

(ii) Mínigh cúis dhaonna **amháin** atá le fairsingiú fásaigh.

(iii) Déan cur síos ar **dhá** shlí a bhféadfaí teorainn a chur le leathadh fásach i réigiún.

(10)

**3C.** **TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH**

Bíonn criosanna feidhme difriúla i gcathracha. Ina measc bíonn:


- An Lárcheantar Gnó
- Cónaitheach
- Tionsclaíoch
- Siopadóireacht
- Spás oscailte.

Roghnaigh **trí** cinn ar bith de na criosanna feidhme atá ainmnithe thuas agus i gcás **gach ceann** díobh mínigh cén fáth a bhfuil sé lonnaithe mar a bhfuil sé, i gcathair a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(10)

**3D.** **Ithir**

**Próifíl Ithreach**



Curtha in oiriúint ó www.slideshare.net

(i) Déan cur síos agus tabhair míniú ar fhoirmiú na próifíle ithreach a thaispeántar thuas.

(ii) Ainmnigh an cineál ithreach is coitianta in Éirinn.

(10)

**Ceist 4. GNÍOMHACHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**4A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach.**

Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Agus tagairtí eangaí sé fhigiúr á n-úsáid agat, aimsigh suíomh oiriúnach faoi choinne monarcha nua sa limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

(ii) Mínigh **trí** chúis a mbeadh an áit seo oiriúnach mar shuíomh agus fianaise ón léarscáil agat mar thaca le gach cúis.

(10)

**4B. Uisciú**

(i) Luaigh cad a chiallaíonn an téarma *uisciú*.

(ii) Déan cur síos ar iarmhairt dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann le scéim uiscithe ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(10)

**4C. Turasóireacht**

Sonraí Aeráide faoi choinne Costa del Sol (An Spáinn)

| **Mí** | **Ean** | **Fea** | **Már** | **Aib** | **Beal** | **Meith** | **Iúil** | **Lún** | **MF** | **DF** | **Samh** | **Noll** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teocht (°C)** | 12 | 13 | 14 | 16 | 19 | 22 | 25 | 26 | 23 | 19 | 15 | 13 |
| **Fliuchras (mm)** | 83 | 75 | 59 | 40 | 23 | 13 | 2 | 5 | 15 | 57 | 115 | 98 |
| **Uaireanta an chloig gréine gach lá** | 5 | 7 | 8 | 9 | 8 | 10 | 11 | 11 | 8 | 7 | 6 | 5 |

Curtha in oiriúint ó www.holidayweather.com

Déan staidéar ar an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é an raon teochta bliantúil in Costa del Sol?

(ii) Ríomh an meánfhliuchras le linn na dtrí mhí Feabhra, Márta agus Aibreán.

(iii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil Meitheamh, Iúil agus Lúnasa ina míonna tarraingteacha do thurasóirí faoi choinne cuairt a thabhairt ar limistéir cosúil le Costa del Sol.

(10)

**Ceist 5.** **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF**

**5A.** Scrúdaigh **AN T-AERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerofótagraf.

Ar do sracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Séipéal
- Carrchlós
- Páirc spóirt
- Dhá shráid a bhuaileann le chéile.

(10)

**5B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **dhá** chúis nach bhfuil lonnaíocht ann lastuaidh de Thuaidhlíne 73 agus laistiar d'Oirlíne 08. Bain úsáid as fianaise ón léarscáil mar thaca le gach cúis.

(8)

**5C.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis a dtarraingeofaí turasóirí go dtí an áit a dtaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus fianaise ón léarscáil agat mar thaca le gach cúis.

(12)

Níl ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

An Teastas Sóisearach, 2019 – Ardleibhéal, Roinn 2

# Tíreolaíocht

Dé hAoine 7 Meitheamh
Maidin 9:30 – 11:30